* Meáin Chumarsáide.

Tá na meáin chumarsáide iontach tábhachtach sa lá atá inniu ann. An teilifís, an raidió, na nuachtáin, an t-idirlíon, agus fógraíocht – Bíonn siad uilig chun tosaigh inár saol in Éirinn inniu.

Ar ndóigh, tá buntaistí agus míbhuntaistí ag baint leis na meáin chumarsáide. Baineann gach duine sult as an teilifís. Déarfainn féin go bhfuil oideachas le fáil ann! Amharcaim féin ar an nuacht gach lá, agus is féidir Gaeilge a fhoghlaim ar TG4.

Insíonn na nuachtáin agus na hirisí dúinn cad é atá ag tarlú timpeall an domhain. Éistimid leis an raidió chun éisteacht le ceol. Is féidir a lán rudaí a dhéanamh ar an idirlíon – ríomhphost a úsáid, eolas a fháil, agus siopadóireacht a dhéanamh! Bíonn fógraíocht thart orainn an t-am ar fad, fiú ar na sráideanna.

Ar an taobh eile den scéal, is drochrud é an tionchar atá ag na meáin chumarsáide. Is féidir leo soineanntacht na bpáistí a scriosadh, mar shampla. Caitheann a lán daoine barraíocht ama ag amharc ar an teilifís fosta. Mé féin san áireamh!

Gan amhras, tá na meáin chumarsáide iontach go deo úsáideach. É sin ráite, tá rudaí níos tábhachtaí ar an tsaol seo: Mar shampla, aclaíocht, mo theaghlach, agus mo shamhlaíocht.

* AN t-ÁBHAR SCOILE IS FEARR LIOM.

Is í an Ghaeilge an t-ábhar scoile is fearr liom. Is aoibhinn liom í mar is í mo theanga dhúchais í. Tá an múinteoir crosta, ach bíonn na ranganna suimiúil. Déanaim Gaeilge gach lá, agus maireann gach rang daichead bomaite. Thosaigh mé ag foghlaim Gaeilge nuair a bhí mé ceithre bliana d'aois.

Sa rang Gaeilge, déanaim trialacha éisteachta, trialacha tuisceana, agus obair scríofa. Is breá liom na trialacha éisteachta, ach is fuath liom obair scríofa. Uaireanta labhraím cúpla focail, ach níl mé iontach líofa.

Anuraidh, chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht le mo chuid Gaeilge a chleachtadh. Chuaigh mé go Rann na Feirste, agus bhí an chraic ar dóigh! D'fhoghlaim mé Gaeilge labhartha, agus rinne mé a lán chairde nua. Bhí an aimsir millteanach, ach bhí bean an tí go hálainn. Ba mhaith liom dul ar ais ar an bhliain seo chugainn, más féidir.